COMHDHÁIL AR AONTACHAS LEIS AN AONTAS EORPACH – AN MHACADÓIN THUAIDH –

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**AD 3/22**

**LIMITE**

**CONF-MK 2**

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH AE |
| | Cruinniú Polaitiúil den Chomhdháil Idir-Rialtasach maidir le hAontachas na Macadóine Thuaidh leis an Aontas Eorpach (An Bhruiséil, an 19 Iúil 2022) |

**RÁITEAS TOSAIGH AE LE hAGHAIDH NA CAIBIDLÍOCHTA AONTACHAIS**

PUBLIC

1. Thar ceann an Aontais Eorpaigh, is cúis áthais dom fáilte a chur inniu roimh ionadaithe uaisle na Macadóine Thuaidh anois agus **tús á chur le réamhchéim chaibidlíocht aontachais** bhur dtíre leis an Aontas Eorpach.

2. Is stairiúil an ócáid dúinn go léir í seo, agus ionann agus **chloch mhíle í i bhforbairt an chaidrimh atá eadrainn**. Tugann próiseas an mhéadaithe an-ugach do na hathchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha, treisíonn sé an tsíocháin, an daonlathas agus an chobhsaíocht san Eoraip agus tugann sé daoine níos gaire dá chéile.

3. An cinneadh tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais, **ar bhonn na modheolaíochta méadaithe feabhsaithe**, a d'fhormhuinigh comhaltaí na Comhairle Eorpaí i mí an Mhárta 2020, ní hamháin gur céim thábhachtach é i gcaidreamh na Macadóine Thuaidh leis an Aontas Eorpach ach is léiriú soiléir é freisin ar **thacaíocht dhobhréagnaithe AE do pheirspictíocht Eorpach na mBalcán Thiar**, a cuireadh in iúl i gClár Oibre Thessaloniki, agus i nDearbhuithe Shóifia, Shágraib agus Brdo chomh maith. Is cuid de stair, d'oidhreacht agus de chultúr na hEorpa í bhur dtírse, agus táimid ag tnúth le dlús a chur leis na naisc sheanbhunaithe atá eadrainn cheana féin.

4. Trí thús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais, léirítear freisin **go ndéanann AE beart de réir a bhriathar** nuair a chomhlíontar na coinníollacha. Mar a léiríodh ag comhdháil an lae inniu, tá an tAontas fós fíorthiomanta don phróiseas sin. Fearaimid fáilte roimh thiomantas na Macadóine Thuaidh dul chun cinn a dhéanamh maidir le clár oibre athchóirithe AE agus táimid ag súil le tiomantas leanúnach polaitiúil chun na hathchóirithe riachtanacha a chur i gcrích go críochnúil fuinniúil.

5. Tá an Mhacadóin Thuaidh – tír is iarrthóir ó 2005 i leith – ina dlúthpháirtí ag an Aontas Eorpach mar chuid **den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais.** An Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCC), atá eadrainn, an chéad cheann a rinneadh sa réigiún, tá sé i bhfeidhm ó 2004 i leith, agus is é is bonn don chomhar fairsing atá againn i raon leathan réimsí. Leanann an Mhacadóin Thuaidh dá hoibleagáidí a chur chun feidhme faoi CCC. Tá an t-idirphlé polaitiúil agus eacnamaíoch atá eadrainn á fhorbairt, go háirithe laistigh de chomhlachtaí CCC.

6. Is léir go bhfuil **buntáistí don dá thaobh ag an dlúthchaidreamh atá eadrainn**. Is é AE an comhpháirtí trádála is mó atá agaibh, agus is léir na buntáistí atá ag gabháil leis don ghnó agus don infheistíocht choigríche. Is éasca do shaoránaigh bhur dtíre taisteal chuig AE ó tháinig léirscaoileadh víosaí i bhfeidhm in 2009. Tá tacaíocht airgeadais agus theicniúil á soláthar ag AE, faoi ionstraimí airgeadais éagsúla, agus leanfaidh sé air á dhéanamh sin, lena n-áirítear faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais. Ina theannta sin, glacann an Mhacadóin Thuaidh páirt i roinnt clár AE, lena n-áirítear Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta, Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide (COSME) agus an Eoraip ar son na Saoránach. Is breathnóir freisin í an Mhacadóin Thuaidh ar an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha agus is páirtí conarthach í den Chonradh um Chomhphobal Fuinnimh agus den Chonradh um Chomhphobal Iompair.

7. Léiríodh neart ár gcaidrimh – ár n-aontacht agus ár ndlúthpháirtíocht – arís le linn **ghéarchéim COVID-19** . Sheas an tAontas Eorpach leis an Macadóin Thuaidh agus le comhpháirtithe na mBalcán Thiar. Chuaigh an tacaíocht agus an comhar sin i bhfad thar an méid a thug aon chomhpháirtí eile agus breis agus EUR 66 mhilliún i gcabhair deontais agus EUR 160 milliún i gcúnamh macra-airgeadais curtha ar fáil don Mhacadóin Thuaidh[1]. Ina theannta sin, aithníonn an tAontas Eorpach an tacaíocht luachmhar a thug na Balcáin Thiar do na comharsana is gaire dóibh féin agus do AE i rith na paindéime. Is léiriú an méid sin ar an dlúthpháirtíocht agus ar an tacaíocht ar orthu atá AE fothaithe. Is suntasach an tionchar atá á imirt ar mhór-roinn na hEorpa ar fad **ag an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin**. Táthar ag súil go dtiomnóidh na Balcáin Thiar iad féin do luachanna Eorpacha mar Bhallstáit AE amach anseo. Tá AE agus na Balcáin Thiar tar éis dul i gcomhar le chéile cheana féin chun tacú leis an Úcráin agus chun feachtas bréagaisnéise na Rúise a chomhrac. Fearaimid fáilte mhór roimh ailíniú iomlán na Macadóine Thuaidh le cinntí agus dearbhuithe uile an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES), agus tathantaímid ar an Macadóin Thuaidh leanúint de bheith á hailíniú féin le CBES an Aontais.

[1] https://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/sites/near/files/near_factograph_north_macedonia.pdf



PUBLIC

8. Sna conclúidí a d'eisigh an Chomhairle an 25 Márta 2020, a d'fhormhuinigh comhaltaí na Comhairle Eorpaí an 26 Márta 2020, dúirt an Chomhairle gur dhíol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé léirithe ag an Macadóin Thuaidh go bhfuil rún **daingean aici clár oibre athchóirithe AE a chur chun cinn** agus go bhfuil torthaí inláimhsithe, marthanacha bainte amach aici, agus go bhfuil na coinníollacha a shainaithin an Chomhairle i mí an Mheithimh 2018 chun tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais comhlíonta aici.

PUBLIC

9. Is bunaithe ar Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach atá an chaibidlíocht atá ar siúl againn, agus cuirtear san áireamh inti na conclúidí ábhartha uile ón gComhairle, go háirithe conclúidí mhí an Mhárta 2020 lena bhformhuinítear an mhodheolaíocht fheabhsaithe um méadú, an chomhthoil athnuaite i ndáil leis an méadú a comhaontaíodh ag Comhairle Eorpach mhí na Nollag 2006 agus conclúidí ó Chomhairle Eorpach 1993 i gCóbanhávan.

Tá an Chomhairle tiomanta go daingean i gcónaí do phróiseas an mhéadaithe a thabhairt chun cinn ar bhonn na bprionsabal agus na gconclúidí a comhaontaíodh, lena gcomhtháthaítear an mhodheolaíocht fheabhsaithe ionas go mbeidh an próiseas aontachais **níos intuartha, níos inchreidte, níos dinimiciúla agus faoi réir stiúir pholaitiúil níos láidre**, bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ar choinníollacht dhocht idir dhearfach agus diúltach, agus ar in-aisiompaitheacht.

Athdhearbhaíonn AE an tábhacht a bhaineann le cur chun feidhme comhleanúnach **na comhthola athnuaite i ndáil leis an méadú**, atá bunaithe ar chomhdhlúthú ceangaltas, ar choinníollacht chothrom dhocht agus ar chumarsáid níos fearr, mar aon leis an gcumas comhaltaí nua a lánpháirtiú, agus gach tír á meas ar a fiúntas féin.

10. I gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 25 Márta 2020, a d'fhormhuinigh comhaltaí na Comhairle Eorpaí an 26 Márta 2020, d'fhormheas an Chomhairle **Creat ginearálta Caibidlíochta,** agus na conclúidí réamhluaite á gcur san áireamh aici, mar aon le conclúidí ábhartha eile ón gComhairle, an chomhthoil athnuaite i ndáil leis an méadú agus an cleachtas bunaithe.

11. Cuirfimid an Creat Caibidlíochta seo faoi bhráid daoibh ar bhonn Sheasamh Ginearálta AE, le linn an chéad chruinnithe eile den chomhdháil idir-rialtasach, a bhfuilimid réidh a reáchtáil gan tuilleadh moille agus gan aon chinneadh polaitiúil eile, a luaithe a chuirfidh an Macadóin Thuaidh a gealltanas chun feidhme na hathruithe bunreachtúla dá dtagraítear i gConclúid an 18 Iúil 2022 ón gComhairle a thabhairt chun críche, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.

12. Cuirfimid i láthair daoibh freisin a bhfuil i gceist le *acquis* AE.

13. Sa pheirspictíocht sin, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil dul chun cinn déanta ag an gCoimisiún maidir le scrúdú anailíseach a dhéanamh ar *acquis* AE agus an scrúdú sin a thabhairt chun críche, agus tá sé faoi réir lena chuid torthaí a chur i láthair in am trátha don Mhacadóin Thuaidh. Ar an mbonn sin, iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar staid ullmhúcháin na Macadóine Thuaidh le tús a chur leis an gcaibidlíocht i réimsí sonracha agus na saincheisteanna is dóichí a thiocfaidh chun cinn sa chaibidlíocht a shainaithint, ag tosú le cnuasach na mbunphrionsabal, a osclófar, i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta, ar an gcéad dul síos, a luaithe a bheidh na critéir ábhartha a chomhaontaigh an Chomhairle comhlíonta ag an Macadóin Thuaidh.

14. Is ríthábhachtach mar eilimintí i bpróiseas an mhéadaithe fós iad **an comhar réigiúnach agus an dea-chaidreamh idir chomharsana**. Ba cheart don Mhacadóin leanúint de dhul i mbun rannpháirtíocht go cuiditheach sa chomhar réigiúnach cuimsitheach agus neart a chur leis an gcaidreamh leis na tíortha comharsanachta. Meabhraítear inniu dúinn, a thábhachtaí atá sé go mbainfí amach torthaí nithiúla, agus go gcuirfí comhaontuithe déthaobhacha chun feidhme de mheon macánta, lena n-áirítear Comhaontú Prespa leis an nGréig agus an Conradh um Dhea-Chaidreamh Comharsanachta leis an mBulgáir.

PUBLIC

I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh dúinn an comhaontú maidir leis an bprótacal ón dara cruinniú den Choimisiún Comhpháirteach Idir-Rialtasach a bunaíodh faoi Airteagal 12 den Chonradh seo. Is mór an cuidiú don dea-chaidreamh comharsanachta agus don chomhar réigiúnach, ar ríthábhachtach fós na gnéithe den phróiseas méadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais fós iad, a bheidh sa chéim thábhachtach seo.

PUBLIC

15. Sa tréimhse idir seo agus an t-aontachas, ceanglófar ar an Macadóin Thuaidh **a beartais a ailíniú de réir a chéile** i leith tríú tíortha agus a seasaimh laistigh d'eagraíochtaí idirnáisiúnta a ailíniú leis na beartais agus na seasaimh atá glactha ag an Aontas agus a Bhallstáit.

16. Meabhraímis freisin, go ndéanfaidh an tAontas agus an Mhacadóin Thuaidh, i gcomhthráth leis an gcaibidlíocht aontachais, leanúint dá **n-idirphlé sochaí shibhialta agus dá gcomhar cultúrtha**, d'fhonn daoine a thabhairt níos gaire dá chéile agus tacaíocht na saoránach don phróiseas aontachais a áirithiú. Táimid ag súil go ndéanfaidh an Mhacadóin Thuaidh na tairbhí agus na hoibleagáidí a bhaineann leis an bpróiseas aontachais a chur in iúl go cruinn agus go straitéiseach don phobal, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar bhréagaisnéis, i gcomhréir lena rogha straitéiseach atá ar son na hEorpa.

17. Is faoi na Ballstáit a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil na dálaí ceart leis an gcaibidlíocht a thabhairt i gcrích, agus aird á tabhairt ar a mbeidh tite amach in *acquis* AE ón dáta a cuireadh tús leis an gcaibidlíocht, agus ar ullmhacht na Macadóine Thuaidh le haghaidh ballraíochta.

18. An chaibidlíocht aontachais a bhfuil tús á cur lena hoscailt inniu, beidh sí dian agus beidh sí dícheallach. Táimid lánmhuiníneach as an gcumas atá ionaibh í é a thabhairt chun críche go rathúil, le diongbháilteacht agus le tiomantas. Tabharfaimid tacaíocht daoibh in bhur gcuid iarrachtaí agus táimid ag tnúth le fáilte a chur romhaibh mar chomhalta lánfheidhme den Aontas Eorpach.